Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meán Fómhair 2018
(OR. en)

11549/18
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0102(COD)

CODEC 1364
JEUN 91
EDUC 299
EMPL 392
SOC 492
SPORT 45
COHAFA 66
PROCIV 55
COMPET 552
ECOFIN 777

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos an creat dlíthiúil don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013, agus Cinneadh Uimh.1313/2013/AE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA, ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN

Gan dochar do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh, ba cheart 80% den bhuiséad do chur chun feidhme an Chláir in 2019 agus 2020 a chur ar fáil trí ath-imlonnuithe sonraithe faoi Fho-cheannteideal 1a (Iomaíochas don fhás agus do phoist) de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2014-2020 agus trí ath-imlonnuithe ó Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus ó chlár LIFE. Ní dhéanfar aon ath-imlonnuithe breise ó chlár Erasmus+, áfach, sa bhreis ar an méid 231 800 000 EUR dá dtagraítear sa togra ón gCoimisiún (COM (2017) 0262).

Ba cheart an 20% atá fágtha den bhuiséad le haghaidh chur chun feidhme an Chláir in 2019 agus 2020 a thógáil ó na corrlaigh atá ar fáil faoi Fho-cheannteideal 1a de CAI 2014-2020.

Tá comhthuiscint ann go n-áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar na leithreasuithe is gá tríd an ngnáthnós imeachta buiséadach bliantúil ar bhealach cothrom agus stuama.

RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

Maidir le húsáid leithreasuithe ó acmhainní cúnaimh theicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin faoin Rialachán maidir le Forálacha Comhchoiteanna (go háirithe ath-imlonnuithe ó Chiste Sóisialta na hEorpa agus ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) chun an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a mhaoiniú in 2018, deimhníonn an Coimisiún nach n-úsáidfidh an Coimisiún an méid sin mar fhasach don togra maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach i ndiaidh 2020 (COM(2018)0440)).